# <u>Polasaí 'Bí Cineálta' Ghaelscoil Phortlaoise 2025</u>

chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíochta ***Gaelscoil Phortlaoise*** an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.


Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár noibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill fóirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

## *Sainmhíniú ar an mBulaíocht*

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar:

- **Iompraíocht spriocdhírithe**, ar líne nó as líne a dhéanann dochar.
- D'fhéadfadh an **dochar** a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach.
- Leanann iompar bulaíochta ar aghaidh **thar thréimhse ama** agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.

Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.




Más freagra **dearfach a bhíonn ar gach ceann** acu siúd thuasluaite, **is iompar bulaíochta** é an t-iompar agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar an iompar trí Nósanna Imeachta Bí Cineálta a úsáid.

Más **diúltach an freagra ar aon cheann** acu siúd thuasluaite, **ní iompar bulaíochta é** an t-iompar. Cuirtear straitéisí ar fáil chun deighleáil le hiompar míchuí laisitigh de Chód Iompair na Scoile.

Ach, ***is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndéanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach*** atá iontu.

Is iomaí cruth a d'fhéadfadh a bheith ar iompraíocht bhulaíochta agus is féidir leo tarlú go haonarach nó in éineacht le chéile. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach.

## *Cineálacha Iompraíochta Bulaíochta*

Tá mórán cineálacha éagsúla d'iompraíocht bhulaíochta ann. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach:

- **Bulaíocht Fhisiciúil:** Áirítear leis gníomhartha ar nós brú, soncanna, bualadh, ciceáil, agus dochar a dhéanamh do mhaoin.
- **Bulaíocht i Scríbhinn:** San áireamh in iompraíocht bhulaíochta i scríbhinn tá ráitis mhaslacha a scríobh faoin scoláire in áiteanna poiblí, nótaí faoin scoláire nó líníochtaí den scoláire a chur timpeall.
- **Bulaíocht ó Bhéal:** Bíonn glaoch ainmneacha, maslaí, bagairtí agus spochadh i gceist.
- **Bulaíochta Caidrimh:** I measc na gcineálacha coitianta tá ceannas, ráflaí a scaipeadh, cúlchaint mhailíseach, eisiamh sóisialta, ceannas agus ionramháil cairdeas mar thréithe aici.
- **Cibearbhulaíocht:** Áirítear leis seo teachtaireachtaí díobhálacha a sheoladh, grianghraif nó físeáin náire a roinnt ar líne, próifílí bréagacha a chruthú, agus eisiamh ar líne.
- **Bulaíocht i leith duine atá faoi mhíchumas:** Iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do dhalta mar gheall ar mhíchumas nó ar riachtanas breise an duine sin.
- **Bulaíocht ar dhuine Ardchumais:** Iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do dhalta mar gheall ar ardchumas acadúil nó buanna as cuimse aige/aici.

- **Bulaíocht mar gheall ar Fhéiniúlacht Inscne:** Iompraíocht nó teanga a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do dhalta mar gheall ar fhéiniúlacht inscne an duine sin.
- **Bulaíocht Homafóbach/Trasfhóbach:** Iompraíocht nó caint a dhéanfadh dochar do dhalta mar gheall go samhlaítear go bhfuil nó go bhfuil an duine sin mar bhall den phobal LADTA+.
- **Bulaíocht bunaithe ar chuma Fhisiciúil:** Iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do dhalta mar gheall ar an gcuma fhisiciúil atá air nó uirthi.
- **Bulaíocht Chiníoch:** Iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do dhalta mar gheall ar a c(h)ine nó bunús eitneach.
- **Bulaíocht Bhochtaineachta:** Iompraíocht leis an dalta a náiriú de bharr easpa acmhainní.
- **Bulaíocht mar gheall ar fhéiniúlacht Reiligiúnach:** Iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do dhalta mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach atá aige/aici.
- **Bulaíocht Ghnéasaíoch:** Iompraíocht a bhfuil sé i gceist léi go ndéanfaí dochar do dhalta bunaithe ar ghnéas an dalta, ag buanú an steiréitíopa go bhfuil dalta nó grúpa daltaí ar chéim níos ísle mar gheall ar an ngnéas.
- **Iompar Gnéasach Díobhálach:** Cineál ar bith teagmhála ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiciúil de chineál gnéasach nach bhfuiltear á hiarraidh, nó iompar ar bith eile bunaithe ar ghnéas a théann i bhfeidhm ar dhínit an dalta.

## *Iompraíocht nach iompraíocht bhulaíochta í*

Ní mheastar go bhfuil iompraíocht bhulaíochta i gceist nuair:

- A tharlaíonn easaontas idir scoláirí nó nuair nach bhfuil scoláirí ag iarraidh a bheith ina gcairde ag duine nó fanacht mar chairde ag duine mura ndéantar iarrachtaí leantacha d'aon turas duine a chiapadh, a fhágáil ar lár nó fuath don duine a chruthú i measc daoine eile lena náirítear grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas.
- A d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid thimpisteach atá sa bhulaíocht.
- A mheasann an scoláire a bhfuil an dochar á fhulaingt aige nó aici go bhfuil fíordhochar á dhéanamh dó nó di ach nach bhfuil sé i gceist ag an scoláire eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht. Déantar foráil do straitéisí chun dul i ngleic le hiompraíocht mhíchuí laistigh de Chód Iompraíochta na Scoile.

## Bulaíocht Lasmuigh den Scoil

Níltear ag súil go rachaidh ár scoil i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach bhfuil daltaí faoi chúram na scoile ná nuair nach bhfuil an scoil freagrach astu. Mar sin féin, i gcás go bhfuil ***tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta*** sin sa scoil agus/nó go leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil déanfar déileáil léi i gcomhréir le polasaí Bí Cineálta na scoile.

## Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an Chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| **Foireann na Scoile** | 30ú/1/2025 | D'fhreastal an príomhoide ar cheardlann. |
| | 4ú/4/2025 | Cruinnithe Fóirne – Dunadh Leath-lae. Suirbhéanna le deánamh ag na baill fóirne. |
| | 9ú/4/2025 | Bailiú an eolais – suirbhéanna le déanamh leis na ranganna |
| | 30ú/4/2025 | Oíche eolais agus suirbhéanna le comhairle na dtuismitheoirí. |
| | 5ú – 9ú/5/2025 | Anailisiú ar dhéanamh ar shuirbhéanna agus aiseolas ar fad. |
| | 21ú/5/2025 | Eolas faoi na póstaeraí - polasaí na bpáistí - a phlé. |
| | 3/9/2025 | Dréacht den Pholasaí 'Bí Cinealta' a roinnt le múinteoirí. |
| | 4/9/25 | Leagan digiteach den bpóstaer roinnte leis an bhfoireann. |

| | | |
|---|---|---|
| | 1/10/25 | Na Póstaeraí a roinnt leis na múinteoirí agus le crochadh sna ranganna. |
| **Scoláirí** | 9ú/4/2025<br><br><br><br><br><br><br>Mí Bealtaine (agus go rialta le linn na bliana)<br><br><br><br><br>6/6/25<br><br><br><br><br><br>9/6/2025<br><br><br><br>2/9/2025 | Suirbhéanna na bPáistí - Ranganna sínseara ag líonadh suirbhé iad féin. Ranganna sóisire ag déanamh plé ar mar rang chun aiseolas a fháil.<br><br>Cómhráite Ranga (ceachtanna bunaithe ar Chairdeas agus Bulaíocht)<br><br><br>M. Dominic & M. Shonagh (Rang 6) ag labhairt faoin bpolasaí Bí Cineálta, ag míniú agus ag fáil aiseolas ó na daltaí ag Tionól.<br><br>Cruinniú ag an bpríomhoide le Comhairle na nDaltaí.<br><br>An chéad dréacht den bpóstaer a thaispeáint do na daltaí i Ranganna 5 agus 6. Aiseolas faighte. |
| **Tuismitheoirí** | 30ú/4/2025<br><br><br><br><br>14/10/2025 | Oíche eolais agus suirbhéanna le líonadh ag Comhairle na dTuismitheoirí.<br><br>Polasaí agus leagan na bpáistí seolta chuig tuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith le liosta acmhainní do thuistí/chaomhnóirí (webwise srl.) |

| | | |
|---|---|---|
| **Bord Bainistíochta** | 14ú/10/2024<br>3ú/12/2024<br>10ú/2/2025<br>7u/4/2025<br><br><br>17/9/2025 | Cruinniú Bord Bainistíochta – Plé ar na Treoirlínte, Cur Chuige agus módh comhairliúcháin le tuistí.<br><br>Cruinniú Bord Bainistíochta – Polasaí le faomhadh |
| **Pobal na scoile i gcoitinne** (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) | 12/9/25<br>19/9/25<br>14/10/25 | Polasaí roinnte le pobal uile na scoile – CRSanna, an rúnaí agus curtha ar suíomh idirlíne na scoile |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: 17/9/2025 | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: | | |

## Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá *straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bhulaíochta ciníche, iompraíocht bhulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach* de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Phortlaoise nádúr an-tromchúiseach na bulaíochta agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aici ar shaol na ndaltaí agus ar phobal na scoile i gcoitinne. Dá bhrí sin, tá sé tiomanta go hiomlán do phríomhphrionsabail an dea-chleachtais a leanúint chun iompar bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic leí. Mar scoil táimid an-tiomanta do thimpeallacht foghlama atá sábháilte agus cuimsitheach a chur ar fáil. Creidimíd go láidir nach bhfuil iompar bhulaíochta inghlactha agus táimid tiomanta do gach cineál iompair bhulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air chun folláine, feidhmíocht acadúil agus forbairt shóisialta gach dalta a chosaint.

I nGaelscoil Phortlaoise tá sé mar aidhm againn:

- cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach a chruthú mar atá leagtha amach in éiteas na scoile.
- cumarsáid oscailte idir gach ball de phobal na scoile bunaithe ar mheas, cúram, ionracas agus muinín a chothú.

- Coincheap an Duine Fásta Iontaofa a chur chun chinn – a bheith cinnte go dtuigeann páisti gur féidir leo aon rud a rá le baill fóirne na scoile agus cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh.
- go bhfuil páistí ar an eolas go dtacódh pobal na scoile le timpeallacht ina dtuigtear nach binn béal ina thost i gcónaí.
- tacaíocht a chur ar fáil do mhuintir na scoile.
- spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú sa scoil agus neart feitheoireachta a chur ar fáil ar shuíomh na scoile.
- go mbeadh úineireacht a thógaint ag páistí ar a gcuid oibre ar an mbulaíocht a chosc, mar shampla, seachtain chineáltais, póstaeir a bheith le feiscint sa halla, ins na seomraí ranga, sna dialanna agus timpeall na scoile.

### Straitéisí Coisctheacha

- **Bulaíocht a Thuairisciú:** Tá sé tábhachtach go dtacódh pobal na scoile le timpeallacht ina dtuigtear 'nach binn béal ina thost' i gcónaí. Oibrímid go gníomhach chun na bacainní a chuireann cosc ar dhaltaí bulaíocht a thuairisciú a shárú. Áirítear leis seo faitíos roimh dhíoltas, stiogma sóisialta, agus easpa muiníne i ndaoine fásta. Cuirimid béim ar an bhfíric gurb é an rud ceart le déanamh ná tuairisciú a dhéanamh agus go nglacfar dáiríre leis. Tá sé mar aidhm againn dá bhrí sin, timpeallacht sábháilte a chruthú i nGaelscoil Phortlaoise ina spreagtar tuairisciú ar iompraíocht bhulaíochta i dtimpeallacht neamh-bhagrach.
- **Idirphlé Oscailte:** Spreagaimid idirphlé oscailte agus macánta faoin mbulaíocht trí thionscnaimh agus ceardlanna aois-oiriúnach agus trí phlé ranga. Cuidíonn sé seo le feasacht a mhúscailt, miotais a dhíbirt, agus daltaí a chumhachtú chun labhairt amach i gcoinne na bulaíochta.
- **Seachtain Chineáltais:** Glacfaidh gach rang páirt i Seachtain Chineáltais chun cineáltas a chur chun cinn agus chun freagracht scoile a ghlacadh ar an ábhar seo.
- **Cleachtadh Aisiríoch:** Tá cleachtadh aisiríoch mar chuid lárnach de chultúr na scoile. Tá céimeanna agus ceisteanna chun í a chur i bhfeidhm i ngach aon seomra ranga agus úsáidtear an cleachtadh seo go laethúil.
- **Ag Forbairt Comhbhá agus Measa:** Déanfaimid gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá, meas agus cuimsitheacht a chomhtháthú inár gcuraclam agus i gcultúr na scoile. Áirítear leis seo tionscadail foghlama comhoibríocha, cláir meantóireachta piaraí (léitheoireacht le chéile, córas na mbuddies, ardranganna ag déanamh ceachtanna ar Chairdeas le bunranganna srl.).
- **Duine Fásta Iontaofa:** Is féidir leis an coincheap a bhaineann le "duine fásta iontaofa" a bheith ina straitéis éifeachtach chun daltaí a spreagadh le tuairisciú a dhéanamh má tá an dalta féin nó dalta eile ag fulaingt na hiompraíochta bulaíochta. Tacóidh baill foirne leis an straitéis sin tré fios a thabhairt do dhaltaí go bhféadfaidh siad labhairt leo.

- **Freagracht Breathnadóir/finné:** Tá ról tábhachtach ag daltaí a fheiceann iompraíocht bhulaíochta go pearsanta nó ar na meáin shóisialta maidir le cúnamh a thabhairt chun dul i ngleic leis an iompraíocht má thuairiscíonn siad an iompraíocht do dhuine fásta iontaofa.

### Ag Cinntiú Timpeallacht Fhisiciúil Shábháilte

Mar scoil, aithnímid go dtacaíonn cruthú timpeallachta fisiciúil shábháilte le sábháilteacht shíceolaíoch agus gur beart tábhachtach é chun iompraíocht bhulaíochta a chosc. Déanfar gach iarracht chun a chinntiú nach mbeidh aon chúinne dhorcha nó ceantair i bhfolach sa scoil ina bhféadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú as radharc na fóirne.

### Feitheoireacht

Beart tábhachtach is ea feitheoireacht chuí chun cabhrú le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Aithnímíd go bhfuil sé de dhualgas orainn mar scoil gach beart réasúnach a dhéanamh chun sábháilteacht ár ndaltaí a chinntiú agus feitheoireacht a dhéanamh ar ár ndaltaí agus iad ag freastal ar an scoil nó ar imeachtaí scoile.

### Curaclam

Tá sé mar aidhm ag na curaclaim don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus don Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), An Clár 'Bí Sábháilte' agus cláir folláine eile mar iad féinmhuinín agus muintearas daltaí a chothú agus braistint freagrachta pearsanta na ndaltaí a fhorbairt maidir lena n-iompraíocht agus lena ngníomhaíochtaí féin. Is féidir scileanna maidir le foghlaim shóisialta agus mhothúchánach na ndaltaí a fheabhsú tríd an gcuraclam OSPS.

Tá na cláir seo a leanas in úsáid againn mar dhlúthchuid den churaclam OSPS:

- An clár 'Oideachas Caidrimh & Gnéasachta' (OCG).
- An clár 'Bí Sábháilte'.
- An clár 'Misneach'.
- Ceachtanna de chuid an 'Feachtas Frithbhulaíochta'.
- Ceachtanna, físeáin & Acmhainní ó Cyber Safe Kids & Webwise.

Ní liosta uileghabhálach í seo. Baintear úsáid as cláir & ceachtanna eile de réir mar is cuí & de réir mar a bhíonn siad ag teastáil.

### Polasaí agus Pleanáil

Tá baint ag polasaithe, pleananna agus nósanna imeachta na scoile seo a leanas leis an bPolasaí Bí Cineálta - ní liosta uileghabhálach í seo:

- Cód Iompair
- Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta
- Polasaí um Chosaint Leanaí
- Polasaí OCG
- Polasaí maidir le um Riachtanais Oideachais Speisialta
- Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín
- Polasaí maidir le hÚsáid Substaintí
- Polasaí Comhionannais agus Ionchuimhsitheacht
- Polasaí um Chosaint Sonraí.
- Polasaí Chianfhoghlama

### Caidreamh & Comhpháirtíocht

Tá naisc láidre idirphearsanta thar a bheith tábhachtach chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach. D'fhéadfaí a mheas go ndéanann siad seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é, caidreamh agus comhpháirtíochtaí a neartú idir baill de phobal na scoile:

- Tionscnaimh feasachta atá aoisoiriúnach agus a spreagann na daltaí breathnu ar an n-iompar féin - gníomhartha cineálta agus cairdis a chur chun cinn (Seachtain Chineáltais), cabhrú go gníomhach le daoine eile agus féachaint ar chúiseanna agus tionchair iompair bulaíochta le linn ceachtanna OSPS.
- Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach daltaí i saol na scoile agus le rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí i saol na scoile freisin.
- Tacaíocht piaraí agus meantóireacht piaraí a spreagadh (siúlóidí idir-ranga le linn Seachtain Sabháilteacht Bóithre/Mí Folláine na Scoile srl), léamh le chéile, córas cairde ranga sinsearach/sóisearach srl.)
- Cuairt ar Stáisiúin na nGardaí a eagrú agus/nó cuireadh a thabhairt chuig Ball an Gharda Síochána teacht uair sa bhliain le labhairt faoi shábháilteacht na bpáistí. Labharann na Gardaí le ranganna 5 agus 6 faoi shabháilteacht agus na meáin shóisialta gach bliain.
- Tuismitheoirí agus daltaí a spreagadh le bheith páirteach ar bhealach fiúntach i bhforbairt, feidhmiú agus athbhreithniú pholasaí Bí Cineálta na scoile chomh maith leis an leagan den bpolasaí atá oiriúnach do dhaltaí chun iompraíocht bulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi ar bhealach éifeachtach. Is é seo an póstaer a bheidh le feiceáil timpeall na scoile, sna ranganna agus i ndialann na ndaltaí.

### Iompraíocht Chibearbhulaíocht a Chosc

Cuireann an teicneolaíocht agus na meáin shóisialta go leor deiseanna dearfacha ar fáil le haghaidh siamsaíochta, rannpháirtíocht shóisialta agus oideachais. Is cuid den saol í an teicneolaíocht a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na baill is óige den tsochaí fiú. Mar sin féin, tá daltaí ag éirí níos leochailí maidir le cibearbhulaíocht nó iompraíocht nach bhfuil inghlactha ar líne mar gheall ar an méadú ar úsáid na teicneolaíochta. Rachaidh Gaelscoil Phortlaoise i ngleic go réamhghníomhach leis na dúshláin seo trí inniúlacht dhigiteach agus saoránacht dhigiteach a chur chun cinn, agus timpeallachtaí sábháilte ar líne a chothú. I measc na straitéisí chun iompraíocht chibearbhulaíochta a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- An curaclam OSPS a chur i bhfeidhm.
- An curaclam um inniúlacht ar na meáin dhigiteacha a chur i bhfeidhm, ar curaclam é ina múintear do scoláirí faoi iompraíocht fhreagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach. (R3 - 6)
- Comhráite rialta le scoláirí faoi chaidreamh atá measúil agus cineálta a chothú ar líne.
- Polasaí úsáide inghlactha don teicneolaíocht a fhorbairt agus a chur in iúl.
- Lá na Sábháilteachta idirlín a reáchtáil chun feasacht a threisiú maidir le hiompraíocht chuí ar líne.
- Imeachtaí sábháilteachta ar líne a chur chun cinn nó a reáchtáil do thuismitheoirí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a leanaí ar líne (Tá sé tábhachtach do shábháilteacht a linbh, go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoin úsáid atá á baint ag a bpáiste as an teicneolaíocht, lena náirítear fóin chliste agus consóil cluichí).

NÓTA - **Aois an toilithe dhigitigh:**

*In Éirinn is é 16 bliana d'aois aois an toilithe dhigitigh. Chun críocha bailithe sonraí, ní mór cead tuismitheora a bheith ag scoláirí idir 13 bliana agus 16 bliana d'aois chun clárú le seirbhísí meán sóisialta i gcás ina n-úsáideann cuideachtaí bunús dlí an toilithe chun sonraí úsáideoirí a phróiseáil agus a stóráil. Tá íosriachtanas aoise ag formhór na n-ardán agus na seirbhísí meán sóisialta agus is é 13 bliana d'aois an t-íosriachtanas aoise d'fhormhór na seirbhísí sin. Mar sin, go teicniúil, níor cheart go mbeadh cuntas meán sóisialta ag leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois.*

## Feitheoireacht agus Monatóireacht

Tá na polasaithe feitheoireachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)

Deimhníonn an Bord Bainistíochta Ghaelscoil Phortlaoise go bhfuil beartais feitheoireachta agus monatóireachta chuí i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú air nuair is féidir. Cé go gcinntíonn an Bord Bainistíochta go ndéantar feitheoireacht chuí i gcónaí ar chlóis scoile agus laistigh & lasmuigh de na seomraí ranga, aithníonn sé freisin nach féidir feitheoireaacht agus monatóireacht a dhéanamh ar gach dalta an t-am ar fad. Mar scoil táimid ag súil go gcloífidh ár ndaltaí le caighdeán iompair atá inghlactha agus measúil, bíodh sé i láthair ball foirne nó ná bíodh.

- Déanann an fhoireann a ndícheall i gcónaí na daltaí a spreagadh chun meas a léiriú ar a chéile.
- Pléitear gach gné den bhulaíocht, feitheoireacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, pasáistí, clóis scoile, turais scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim go rialta ag cruinnithe fóirne scoile.
- Déantar plé/daingniú rialta leis na daltaí ar chúrsaí iompair, bulaíochta srl. mar chuid de na tionóil scoile.
- Cinntítear go ndéanann an fhoireann feitheoireacht éifeachtach agus comhsheasmhach ar dhaltaí agus de réir polasaithe agus nósanna imeachta na scoile.
- Cuirtear clár féitheoireachta clóis le chéile ag tús gach téarma le feitheoireacht leordhóthanach agus chuí a chuir ar fáil ar maidin agus le linn am sosa/lóin.
- Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi dhaltaí a mheastar a bheith i mbaol bulaíochta/bulaíochta agus bíonn siad aireach maidir le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi eachtraí agus coimhlintí pearsantachta a tharlaíonn laistigh den seomra ranga a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gclós, ionas gur féidir leis na múinteoirí atá ar dhualgas monatóireacht a dhéanamh ar na daltaí sin le linn am sosanna agus gníomhaíochtaí eile nach bhfuil lonnaithe sa seomra ranga.
- Déantar imscrúdú críochnúil agus comhsheasmhach ar gach eachtra bulaíochta a nochtar tríd an nós imeachta ceart a leanúint mar a leagtar amach don fhoireann agus a thaifeadtar ar theimpléid scoile sonracha. Stóráiltear tuarascálacha ar bhulaíocht i bhfillteán sonrach in oifig an phríomhoide.
- Tacaíonn an Polasaí Úsáide Inghlactha, an Polasaí Oideachais Speisialta, an Cód Iompair, an Polasaí OCG agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí le monatóireacht, feitheoireacht agus cur i bhfeidhm pholasaí Bí Cineálta.

## Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta).

Is iad na múinteoirí ranga atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta sa chéad áit. Ina dhiaidh sin beidh tacaíocht agus cabhair le fáil ón bPríomhoide, an Leas-Phríomhoide agus baill d'fhoireann ceannaireachta scoile. Beidh sé mar phríomhaidhm againn agus aghaidh á tabhairt ar iompraíocht bhulaíochta, stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, a oiread agus is féidir, an caidreamh idir na daltaí atá i gceist a athbhunú agus bogadh ar aghaidh as an nua, seachas milleán a chur. Tá ról lárnach ag an gcleachtadh aisiríoch atá i bhfeidhm sa scoil anseo.

Seo é an próiseas ina leantar:

**Aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta**

- Déanfaidh an múinteoir imscrúdú ar gach cás iompraíocht bhulaíochta a tuairiscíodh nó a bhfuil amhras ann go bhfuil sí ann, d'fhonn na fíricí a bhunú agus an t-iompraíocht a bhainistiú.
- Cleachtóidh an múinteoir/na múinteoirí a breithiúnas/a mbreithiúnas gairmiúil chun a chinneadh an bhfuil bulaíocht tarlaithe agus conas is fearr an cás a réiteach. Agus an múinteoir ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta déanfaidh an múinteoir machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: cad, cá háit, cathain agus cén fáth? Déanfaidh an múinteoir macnamh ar na príomhghnéithe a bhaineann le hiompar bhulaíochta. An bhfuil an Iompar: *Spriocdhírithe, D'aon ghnó, Díobhálach, Neamhchothrom, Leantach.*
- ***Príomhcheisteanna: Spriocdhírithe? Dochar? Arís agus arís eile?***
- ***Más freagra dearfach atá ann do gach ceann, is iompar bulaíochta í.***

D'fhéadfadh eachtraí tarlú ina bhfuil iompraíocht dho-ghlactha agus ghoilliúnach i gceist nach iompraíocht bhulaíochta í. Déanfar déileáil le hiompraíocht mhí-chuí nach iompraíocht bhulaíochta í de réir Cód Iompair na scoile.

### Sa Chás Gur Tharla Iompraíocht Bhulaíochta:

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil/na múinteoirí:

- A chinntiú go n-éistear leis an dalta a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
- Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá a dhéanamh go híogair.
- Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.
- Éisteacht le tuairimí an dalta a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- Gníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas (tuismitheoir(í) an dalta a d'fhulaing iompar bulaíochta agus tuismitheoir(í) an dalta/na daltaí a bhí páirteach san iompar bulaíochta) agus iad a choinneáil ar an eolas faoi aon dul chun cinn agus/nó forbairtí sa chás.

Is cuid lárnach de phobal Ghaelscoil Phortlaoise iad tuismitheoirí agus tá ról tábhachtach acu, i gcomhpháirtíocht leis an scoil, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Sa chás go dtarlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfar teagmháil le tuismitheoirí na bpáirtithe atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas maidir leis an gcás agus chun dul i gcomhairle leo faoi na bearta atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht mar atá leagtha amach i bpolasaí Bí Cineálta na scoile.

### A Chinneadh an bhfuil Deireadh leis an Iompraíocht Bhulaíochta

Ní mór dul i mbun plé leis na daltaí atá i gceist agus lena dtuismitheoirí tráth nach faide ná 20 lá scoile tar éis na teagmhála tosaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn tar éis na hidirghabhála tosaigh. I measc na ngnéithe a chuirfear san áireamh mar chuid den athbhreithniú beidh:

- Cineál na hiompraíochta.
- Éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.
- An caidreamh idir na daltaí a bhí i gceist.

Fiú má tá deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh feitheoireacht agus tacaíocht leanúnach de dhíth ar an dalta a d'fhulaing iompraíocht bhulaíochta agus ar an dalta a léirigh an iompraíocht araon. D'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil nó go mbeidh an caidreamh socair agus go mbeidh tionchar ag na tacaíochtaí.

Mura mbeidh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an múinteoir athbhreithniú ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na daltaí agus na tuismitheoirí agus déanfar socrú bualadh le chéile arís thar thréimhse ama chomhaontaithe go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

Más léir go bhfuil an dalta a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint den iompraíocht a léiriú, beidh ar an scoil úsáid a bhaint as na straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhí-chuí atá leagtha amach i gCód Iompair na scoile. Má chuimnítear ar smachtbhannaí a úsáid, is ceist é seo idir an dalta ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

### Iompraíocht Bhulaíochta a Thaifeadadh

Ba cheart gach eachtra iompraíochta bulaíochta a thaifeadadh ag baint úsaide as an bhfoirm taifeadadh oifigiúil a ghabhann leis an bPolasaí Bí Cineálta.

Ba cheart go mbeadh tuairimí na ndaltaí agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead.

Ba cheart go mbeadh **doiciméadú ann ar an athbhreithniú** le daltaí agus a dtuismitheoirí chun a chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

Ba cheart freisin **dáta gach ceann de na teagmhálacha seo a thaifeadadh** agus an **dáta ar cinneadh go bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta.**

Ba cheart **aon teagmháil le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos** freisin.

Ba cheart na taifid seo a choinneáil i gcomhréir le polasaí um choimeád taifead na scoile agus ag teacht le rialacháin maidir le cosaint sonraí.

### Nuair atá Iompraíocht Bhulaíochta ina Ábhar Imní maidir le Cosaint Leanaí

Nuair atá iompraíocht bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí tá dualgas dlíthiúil ar mhúinteoirí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí dochar do leanaí a shroicheann nó a sháraíonn tairseach shainithe a thuairisciú do Tusla. Baineann an Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí le gach duine agus ní mór do gach ball foirne agus oibrí deonach i scoil ábhair imní réasúnacha a thuairisciú do Tusla.

### An Próiseas Gearán

Mura bhfuil tuismitheoir sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir na nósanna imeachta seo, ba chóir iad a atreorú chuig gnás gearán na scoile. Tá eolas breise a bhaineann le nósanna imeachta gearán na scoile ar fáil ag an nasc seo: https://www.gov.ie/en/policyinformation/parentalcomplaints/ Má tá

tuismitheoir míshásta leis an gcaoi ar láimhseáladh gearán, féadfaidh an tuismitheoir gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an dalta.

**Tacaíocht**

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta).

Tá cur chuige scoile uile i gceist i gclár tacaíochta na scoile chun oibriú le daltaí a ndéantar bulaíocht orthu agus iad siúd a léiríonn iompraíocht bhulaíochta. Tacaíonn Gaelscoil Phortlaoise le cleachtais aisiríoch a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige aghaidh á tabhairt ar iompraíocht bhulaíochta, stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, a oiread agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú. I bhfianaise chastacht na hiompraíocht bulaíochta, ní oibríonn aon chlár idirghabhála/tacaíochta amháin i ngach cás.

- Déanaimid iarracht a chinntiú go dtairgfear tacaíocht neamhfhoirmiúil nó fhoirmiúil leanúnach ón scoil don duine a bhfuil iompraíocht bulaíochta á dhéanamh air/uirthi agus don duine/daoine atá freagrach as an iompraíocht bhulaíochta araon. Féadfaidh na tacaíochtaí neamhfhoirmiúla a thairgtear sa scoil a bheith ina seiceálacha isteach leis an múinteoir ranga nó le ball foirne ábhartha eile. Féadfaidh tacaíochtaí foirmiúla a bheith i bhfoirm monatóireachta, comhairleoireachta inmheánaí agus/nó atreoraithe chuig gníomhaireacht chomhairleoireachta sheachtrach, síceolaí, nó gníomhaireachtaí eile, má mheastar gur fearr a oireann siad agus má aontaíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí leis sin.

## Mír D: Maoirseacht

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na neachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na neachtraí leanúnacha agus líon iomlán na neachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena náirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil (sa halla agus ins na seomraí ranga) agus cóip beag chrua i ndialann na bpáistí (R1 – R6).

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe: Aoife Elster Dáta: 17/9/2025

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Sínithe: Dominic Ó Braonáin Dáta: 17/9/2025

(Príomhoide)